CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/182 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Feabhra 2021

ina leagfar amach miondealú acmhainní REACT-EU de réir Ballstáit le haghaidh na bliana 2021

(Tugadh fógra dó faoi dhoiciméid C(2021) 843)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ([1]) ón gComhairle. agus go háirithe d'Airteagal 92b(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhonn creat airgeadais iomchuí a shocrú le haghaidh acmhainní REACT-EU, ní mór a miondealuithe a leagan amach mar leithreasuithe ó Chistí Struchtúracha 2021 le haghaidh gach Ballstáit.

(2) In Iarscríbhinn VIIa a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 leagtar amach na critéir agus an mhodheolaíocht le haghaidh leithdháileadh acmhainní REACT-EU.

(3) Sula gcuirfear i bhfeidhm modh leithdháilte acmhainní REACT-EU le haghaidh na bliana 2021, ba cheart suimeanna EUR 100 000 000 agus EUR 50 000 000 a leithdháileadh ar Lucsamburg agus Málta faoi seach mar aon le méid tiomnaithe breise le haghaidh na réigiún is forimeallaí, dá dtagraítear i mír 3 d'Iarscríbhinn VIIa a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

(4) Ar chúiseanna clársceidealaithe ag na Ballstáit, ba cheart an miondealú sonrach a shloinneadh i bpraghsanna 2018 chun na hacmhainní a bheidh ar fáil go héifeachtach a leagan amach tar éis an méid le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin agus an tacaíocht le haghaidh costais riaracháin a asbhaint. Ar chúiseanna trédhearcachta, ba cheart miondealuithe a shloinneadh i bpraghsanna reatha chomh maith,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach miondealú acmhainní REACT-EU de réir Ballstáit le haghaidh na bliana 2021 san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 320.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Elisa Ferreira
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

LEITHDHÁILEADH REACT-EU - 2021

(in EUR)

	2021 *praghsanna 2018*	2021 *praghsanna reatha*
BE	243 915 691	258 845 283
BG	411 187 534	436 355 501
CZ	786 628 094	834 776 027
DK	167 524 769	177 778 625
DE	1 777 818 655	1 886 635 380
EE	167 499 803	177 752 131
IE	83 240 008	88 334 963
EL	1 609 375 686	1 707 882 353
ES	10 229 253 639	10 855 365 794
FR	2 914 560 015	3 092 954 404
HR	538 535 954	571 498 663
IT	10 651 529 376	11 303 488 186
CY	105 000 047	111 426 890
LV	197 877 522	209 989 210
LT	257 913 011	273 699 350
LU	131 769 415	139 834 758
HU	830 373 170	881 198 652
MT	104 782 734	111 196 276
NL	415 403 980	440 830 027
AT	205 737 666	218 330 457
PL	1 549 859 572	1 644 723 377
PT	1 502 200 650	1 594 147 347
RO	1 247 522 128	1 323 880 463
SI	247 056 213	262 178 030
SK	580 447 557	615 975 590
FI	126 753 330	134 511 648
SE	270 773 255	287 346 744
AE-27	**37 354 539 474**	**39 640 936 129**